2. An dara saincheist dlí lena líomhnaítear gur theip ar an gcosantóir a thaispeáint, i gcomhréir leis na réamhriachtanais a chumhdaítear in Airteagal 57(f) REACH, go bhfuil mealaimín ina chúis le héifeachtaí tromchúiseacha dóchúla ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol as a n-eascraíonn leibhéal coibhéiseach imní do na héifeachtaí a shainaithnítear in Airteagal 57(a) go (e) REACH ós rud é go bhfuil an Cinneadh a chonspóidtear bunaithe ar éifeachtaí nach n-eascraíonn as airíonna intreacha mealaimín agus nach mór, dá bhrí sin, neamhaird a thabhairt air sin i dtaca le mealaimín a shainaithint mar shubstaint ar ábhar mór imní é.

3. An tríú saincheist dlí lena líomhnaítear sárú ar Airteagal 57(f) REACH, a mhéid is go bhfuil an Cinneadh a chonspóidtear glactha ag an gcosantóir gan a thaispeáint, ar bhonn fianaise eolaíoch leordhóthanach, go bhféadfadh mealaimín éifeacht thromchúiseach dhóchúil a imirt ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol ar leibhéal coibhéiseach imní do shubstaintí a bhfuil airíonna guaise acu, dá dtagraítear in Airteagal 57(a) go (e) REACH, agus, dá bhrí sin, tá an Cinneadh a chonspóidtear bunaithe ar earráid shoiléir sa mheasúnú.

4. An ceathrú saincheist dlí lena líomhnaítear go sáraítear, leis an gCinneadh a chonspóidtear, ceart na n-iarratasóirí éisteacht a fháil agus an ceart chun trácht a dhéanamh ar fhianaise nua arna cur faoi bhráid Choiste na mBallstát amháin. Líomhnaíonn na hiarratasóirí, go bunúsach, nár éisteadh iad maidir leis na gnéithe fíorasacha agus dlíthiúla go léir as ar glacadh an Cinneadh a chonspóidtear, agus gur léir go ndearna an cosantóir earráid agus fianaise nua chomhfhreagrach á breithniú aige.

5. An cúigiú saincheist dlí lena líomhnaítear gur sárú ar phrionsabal na comhréireachta é an Cinneadh a chonspóidtear chomh maith le sárú ar phrionsabail na hintuarthachta, cosaint ionchas dlisteanach agus prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, a mhéid is go ndéantar mealaimín a shainaithint mar SVHC agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé faoi ghrinnscrúdú rialála, cé go meastar gur rogha oiriúnach é mealaimín do shubstaintí eile atá faoi réir bearta rialála níos déine faoi REACH cheana féin. Thairis sin, ní féidir a mheas gur beart iomchuí é mealaimín a shainaithint mar SVHC i ndáil leis an aidhm fhoriomlán a bhaineann le SVHC a shainaithint mar a dtacaíonn an cosantóir leis.

---

## Caingean arna tabhairt an 27 Márta 2023 – Drinks Prod v EUIPO – Wolff agus Illg (IGISAN)

## (Cás T-164/23)

(2023/C 179/92)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Drinks Prod SRL (Păntășești, an Rómáin) (ionadaí: I. Speciac, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtithe eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Siegfried Wolff (Beirlín, an Ghearmáin), Matthias Illg (Berlín)

### Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh IGISAN – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 329 332

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc de EUIPO an 19 Eanáir 2023 i gCás R 982/2022-2

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid arna thabhairt ag an mBord Achomhairc a chur ar neamhní, sa chiall go gceadófar an t-achomharc a chomhdaigh an t-iarratasóir i gcoinne chinneadh an Rannáin Freasúra agus, dá bhrí sin, go gcuirfear iallach ar EUIPO leanúint de na himeachtaí clárúcháin don trádmharc atá faoi cheist i gcás na n-earraí agus na seirbhísí uile a iarradh in Aicmí 3 agus 5.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 28 Márta 2023 – Arkema France v an Coimisiún**

**(Cás T-165/23)**

(2023/C 179/93)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Arkema France (Colombes, an Fhrainc) (ionadaithe: S. Dumon-Kappe agus D. Todorova, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil an chaingean seo inghlactha agus go bhfuil bunús maith léi;

agus dá dhroim sin,

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/111 ón gCoimisiún an 18 Eanáir 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid shailligh de thionscnamh na hIndinéise a chur ar neamhní.

— i gcás ar bith, a ordú don Choimisiún na costais go léir a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh Airteagal 9(1) agus Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad. Tá an tsaincheist seo roinnte ina thrí chuid.

   — De réir an chéad chuid, theip ar an gcosantóir leasanna uile an Aontais agus cur i gcoinne na ngníomhaithe éagsúla Eorpacha a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh leanúint den imscrúdú ar allmhairí aigéid shailligh de thionscnamh na hIndinéise, in ainneoin an tarraingt siar.

   — De réir an dara cuid, rinne an cosantóir earráid fhollasach mheasúnaithe ar leasanna na n-úsáideoirí trína chinneadh dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur ar allmhairí aigéid shailligh de thionscnamh na hIndinéise.

   — De réir an tríú cuid, sháraigh an Coimisiún prionsabail ghinearálta na córa comhionainne agus ionchais dhlisteanaigh trí dhiúltú deireadh a chur leis an imscrúdú frithdhumpála gan bearta a fhorchur.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh Airteagail 1(1) agus 3(6) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad.

   — I ndáil leis sin, áitíonn an t-iarratasóir go leag an cosantóir róbhéim ar an tionchar diúltach ar thionscal an Aontais atá ag allmhairí aigéid shailligh ar de thionscnamh na hIndinéise iad nach ndearna aon díobháil ábhartha do thionscal na hEorpa.

---